Tionól Réigiúnach an Deiscirt
Southern Regional Assembly

## Plean Straitéiseach Limistéar Phort Láirge

2027 - 2040

# Pháipéar Saincheisteanna

Márta 2026



# Réamhrá

**Tá an páipéar seo ar cheann de shraith de cheithre pháipéar a eisíodh chun cabhrú le hionchur ón bpobal agus ó luchtanna leasa eile don phróiseas comhairliúcháin réamhdhréachta le haghaidh athbhreithniú na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche do Réigiún an Deiscirt (RSES) a bheidh ar siúl ón 26 Márta 2026 go dtí an 22 Bealtaine 2026. Tugann sé isteach an comhthéacs agus machnamh don Phlean Straitéiseach nua do Limistéar Cathrach Phort Láirge (W-MASP), a bheidh mar chuid den RSES nua.**

Tá na páipéir eile ar fáil ag consult.southernassembly.ie:

- Páipéar Saincheisteanna don Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt (RSES) 2027 – 2040 ina dtugtar forbhreathnú ar phróiseas athbhreithnithe agus saincheisteanna na RSES agus ba cheart é a léamh in éineacht leis an bpáipéar seo.
- Páipéar Saincheisteanna maidir le Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach Chorcaí (CMASP).
- Páipéar Saincheisteanna maidir le Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach Luimnigh-Shionainne (LSMASP)

Treoróidh MASP Phort Láirge forbairt straitéiseach Limistéar Cathrach Phort Láirge amach anseo go dtí 2040, agus áirítear leis limistéir atá á riaradh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge araon. Ní mór don MASP a bheith ar aon dul le beartas an rialtais náisiúnta mar atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála athbhreithnithe (NPF - Aibreán 2025).

Beidh freagraí ar na dúshláin agus na ceisteanna atá leagtha amach sa Pháipéar Saincheisteanna seo mar bhonn eolais do dhréacht MASP nua Phort Láirge le haghaidh na tréimhse 2027-2040 agus tá fáilte roimh dhuine ar bith ar mian leo cur leis. Tá sé i gceist an dréachtleagan den RSES agus MASP Phort Láirge a fhoilsiú i ráithe 4 2026, tráth a mbeidh deis bhreise ann freagra a thabhairt ar na moltaí sa dréacht.

## Comhthéacs Reachtach

Tá sé riachtanach MASP a ullmhú do Chathair Phort Láirge agus a limistéar cathrach faoi Alt 29(2) den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2024 (arna leasú). Léiríonn an reachtaíocht go n-áireofar sa RSES straitéis chomhtháite d'úsáid talún agus iompair don limistéar cathrach, agus ba cheart go mbeadh sí ar aon dul leis an RSES. Deirtear in Alt 29(5) den Acht go gciallaíonn 'limistéar cathrach' den chathair an limistéar ina bhfuil an chathair féin agus an ceantar máguaird chomh fada amach lena crios comaitéireachta, isteach 's amach.'

Chomh maith leis an méid thuas, ceanglaítear le hAlt 29(13) den Acht go n-áireofar sa RSES agus sa MASP bearta chun cur i bhfeidhm agus monatóireacht éifeachtach a chinntiú, lena n-áirítear:

- Tosaíochtaí maidir le bonneagar scála a bhaineann le hiompar (lena n-áirítear iompar poiblí), seirbhísí uisce, bainistíocht dramhaíola, líonraí fuinnimh agus cumarsáide agus soláthar áiseanna oideachais, cúram sláinte, miondíola, cultúrtha agus áineasa.
- Ord tosaíochta maidir le soláthar bonneagair, agus foinsí maoinithe féideartha.
- Infheistíocht tras-earnála agus gníomhartha is gá chun fás agus forbairt phleanáilte a thabhairt.
- Comhordú idir údaráis áitiúla comhpháirteacha, agus comhoibriú idir comhlachtaí poiblí, agus;
- Na socruithe monatóireachta agus tuairiscithe is gá chun dul chun cinn a thomhas agus a mheas i gcur i bhfeidhm na RSES agus na MASPnna.

# Cad é an MASP agus Cén Fáth atá sé Tábhachtach?

Is creat pleanála ríthábhachtach é MASP Phort Láirge a threoraíonn forbairt Limistéar Cathrach Phort Láirge amach anseo maidir le húsáid talún agus bonneagar iompair go dtí an bhliain 2040 agus ina dhiaidh sin. Is doiciméad pleanála reachtúil é ar an leibhéal réigiúnach a chaithfidh a bheith ar aon dul le pleanáil náisiúnta agus beartais eile, agus caithfidh beartais phleanála ar an leibhéal áitiúil, amhail Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae, a gcuid beartas agus a gcuspóirí a chur ar aon dul le MASP Phort Láirge.

Is doiciméad straitéiseach é a sholáthraíonn an creat maidir leis an tslí a gcomhlíonfaidh Port Láirge na spriocanna fáis ardaidhmeannacha atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (NPF) chun fás 50% ar a laghad thar leibhéil 2016 a bhaint amach faoi 2040, chun fís agus cur chuige forbartha foriomlán a sholáthar don chathair, agus chun a cumas a fheabhsú bheith ina cathair scála réigiúnach. Leagann an NPF sprioc síos do Chathair Phort Láirge agus do na bruachbhailte chun a daonra a mhéadú faoi thart ar 28,000 duine faoin mbliain 2040 agus daonra foriomlán 88,000 duine ar a laghad a bheith ann.

Cuirfidh MASP Phort Láirge straitéis ar fáil chun bonneagar, caighdeán na beatha agus rogha a fheabhsú ó thaobh tithíochta, fostaíochta agus áiseanna de, agus tabharfaidh sé aghaidh ar thionchar treochtaí amhail digitiú agus an t-athrú ar phatrúin mhiondíola agus oibre dá thoradh.

## An Scéal go Dtí Seo – MASP Phort Láirge (2020)

Tá an MASP reatha arb é an chéad cheann i bPort Láirge é, i bhfeidhm le sé bliana anuas, ó glacadh leis sa bhliain 2020. Tá an MASP tar éis forbairt a dhéanamh ar chomhoibriú roimhe seo idir Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Chill Chainnigh trí PLUTS Phort Láirge (Staidéar Pleanála, Úsáide Talún agus Iompair 2004). Leag PLUTS Phort Láirge síos prionsabail threoracha chun Port Láirge a fhorbairt trí chur chuige comhtháite mar Chathair Chomhlárnach ar an dá thaobh d'Abhainn na Siúire, agus na prionsabail seo ionchorpraithe i bPlean Straitéiseach Spóirt agus Straitéis Fhorbartha Phort Láirge.




Fíor 1: Léarsáil Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach Phort Láirge Reatha

**Cé nach bhfuil ach tús curtha lena chur i bhfeidhm, chabhraigh MASP reatha Phort Láirge chun bonneagar tábhachtach a phleanáil agus a chur i gcrích, amhail:**

- Tograí dlúthfháis agus athghiniúna.
- Tús curtha le forbairt bhonneagair ag láithreáin athfhorbraíochta úsáide measctha amhail Crios Forbartha Straitéisí (SDZ) na gCéanna Thuaidh agus tógáil Malartán Iompair Phoiblí nua le Droichead Iompair Inbhuanaithe.
- Bunú Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) agus tacaíocht do leathnú leanúnach ag seanláthair Waterford Crystal, agus láithreacht níos mó i Lár na Cathrach.
- Infheistíocht leanúnach i gCalafort Phort Láirge mar shócmhainn straitéiseach de chuid Limistéar Cathrach Phort Láirge agus an Réigiúin. Tá acmhainneacht shuntasach ag an gcalafort leas a bhaint as acmhainneacht na hearnála pleanála spásúla muirí agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.
- Infheistíocht leanúnach i mbonneagar Aerfort Phort Láirge chun filleadh seirbhísí tráchtála do phaisinéirí chuig an aerfort a éascú
- Bus Connects Phort Láirge - Áireofar leis an gcéad chéim de thionscadal BusConnects Phort Láirge, atá le cur i bhfeidhm in 2026, athstruchtúrú líonra agus bealaí nua ardmhinicíochta a mbeidh clúdach leathnaithe acu chuig ceantair cosúil le Cill Bharra agus Sliabh Rua, chomh maith le seirbhísí feabhsaithe Dé Domhnaigh/go moch ar maidin chun nascacht a fheabhsú.
- Bunú Phort Láirge mar Chathair Foghlama EOECNA.



Fíor 2: Droichead Iompair Inbhuanaithe sa Céanna Thuaidh
(Creidmheas: Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge)

**Aithníonn an NPF na Príomhchumasóirí seo a leanas don limistéar:**

- Tionscadal athghiniúna Chrios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh a sheachadadh le haghaidh forbartha comhtháite, inbhuanaithe lena n-áirítear mol iompair comhtháite, athlonnú stáisiún traenach Phort Láirge go suíomh níos áisiúla, agus droichead iompair inbhuanaithe nua.
- Deiseanna maidir le hionlíonadh agus athghiniúna a aithint chun forbairt tithíochta agus fostaíochta a dhianú ar fud lár na cathrach agus sna bruachbhailte gar don lár.
- Deiseanna feabhsaithe a chumasú do phobail atá ann cheana féin de réir mar a tharlaíonn forbairt agus éagsúlú, go háirithe trí tacú le fostaíocht, foghlaim agus oideachas.
- Forbairt inbhuanaithe limistéar nua athfhorbraíochta agus úrnua a chur chun cinn le haghaidh tithíochta, mar aon le forbairt iompair phoiblí agus bonneagair a thacaíonn léi; Tionscadail sa réimse poiblí tionscadail taitneamhachta uirbí, ag díriú ar shráideanna agus spásanna poiblí, go háirithe i lár na cathrach agus sa limistéar uirbeach gar don lár, chun tacú le dianú uirbeach.
- Forbairt agus leathnú Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt(SETU) a bunaíodh sa bhliain 2022 ó chónascadh an dá institiúid teicneolaíochta sa réigiún – IT Phort Láirge agus IT Cheatharlach – agus a comhtháthú leis an gCathair agus réigiún.
- Soláthar iompair phoiblí ar fud na Cathrach i gcomhréir le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Phort Láirge (WMATS), lena n-áirítear cur i bhfeidhm BusConnects Waterford agus líonraí rotharbhealaí straitéiseacha.
- Bearta chun an líonra atá ann cheana féin de spásanna glasa agus gorma a fheabhsú agus a nascadh níos fearr, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Cathrach agus an Chontae, faoi réir staidéar bealaigh agus aon mheasúnuithe comhshaoil is gá a dhéanamh.
- Nascacht réigiúnach níos fearr trí mheán-amanna taistil feabhsaithe ar iarnród agus ar bhóthar go Corcaigh, Luimneach agus calafoirt sa réigiún, mar a shainaithnítear san Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin.
- A chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais soláthair uisce agus fuíolluisce trí thionscadail straitéiseacha nua chun soláthar uisce Phort Láirge a fheabhsú agus acmhainn chóireála fuíolluisce a mhéadú; Inbhuanaitheacht a fheabhsú i gcúrsaí fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní agus uisce, lena n-áirítear téamh ceantair, caomhnú uisce, athúsáid uisce agus Córais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) agus an geilleagar ciorclach.

# Príomhréimsí a nDírítear Orthu

## Pobail Inbhuanaithe a Chruthú

Tháinig fás 6,575 (12.3%) ar dhaonra Limistéar Cathrach Phort Láirge suas go 60,079 san iomlán idir 2016 agus 2022. Ba ráta fáis níos airde é seo ná na Limistéir Chathrach eile lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, agus é á spreagadh ag fás na Cathrach agus na mBruachbhailte den chuid is mó, is é sin, 12.6%. In ainneoin seo, níor bhain an Limistéar Cathrach ach 76% dá fhás réamh-mheasta faoin RSES amach, i gcomparáid leis an gcuid eile de Chontae Phort Láirge, áit a bhain 195% dá fhás réamh-mheasta amach. Is i gcodanna de Lár na Cathrach, agus ó dheas ón gcathair, a bhí an fás is láidre, agus bhí fás níos lú le feiceáil ó thuaidh.

Tá Seachadadh Tithíochta chun deiridh ar na spriocanna i dtaobh Chathair Phort Láirge agus na mBruachbhailte atá san áireamh i bPleananna Forbartha Phort Láirge agus Chill Chainnigh araon, agus níor baineadh amach ach 54% de spriocanna na Croístraitéise ó 2023 go 2025. Tá sé seo i gcodarsnacht le Cathair agus Contae Phort Láirge ina iomláine, áit a bhfuil 74% de na spriocanna maidir le soláthar tithíochta á mbaint amach.



Fíor 3: Seachadadh Tithíochta Summerfields (Creidmheas: Whitebox)

Léiríonn sonraí maidir le tosú ar thithe ag leibhéal an údaráis áitiúil méadú a bheith tagtha ar sheachadadh tithíochta le déanaí, go háirithe ó 2024. Is fiú a thabhairt faoi deara gur cuireadh tús le breis is 400 teach i gCathair Phort Láirge agus sna bruachbhailte i mí Eanáir 2026.

Tá dul chun cinn tugtha faoi deara ar roinnt suíomh forbartha straitéisí i Limistéar Cathrach Phort Láirge, amhail Crios Forbartha Straitéisí (SDZ) na gCéanna Thuaidh. Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh ag cur i gcrích Athrú ar Phlean Forbartha faoi láthair chun forbairt chónaithe inbhuanaithe a chumasú ar an taobh thuaidh den abhainn agus chun cur le hathghiniúint na gCéanna Thuaidh. In áiteanna eile, tá is féidir le hathfhorbairt Champas Ospidéal Naomh Odhráin idir 530 agus 760 áit cónaithe a thabhairt. Tá máistirphlean don láithreán á ullmhú faoi láthair i gcomhpháirtíocht idir an Chomhairle, an GFT agus FSS (an Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte).

Mar sin féin, níl ach dhá chead pleanála cónaithe móra tugtha le déanaí le haghaidh 819 áit cónaithe san iomlán i Limistéar Cathrach Phort Láirge faoin bpróiseas SHD (Forbairt Straitéiseach Tithíochta) agus LRD (Forbairt Cónaithe ar Scála Mór) le haghaidh forbairt chónaithe ar scála mór. Cé go mbeidh líon suntasach forbairtí beaga ag teacht, is dúshlán suntasach é an easpa gníomhaíochta pleanála i dtaobh forbairtí móra straitéiseacha maidir le seachadadh an mhéid tithíochta is gá chun spriocanna tithíochta atá leagtha síos i Limistéar Cathrach Phort Láirge a chomhlíonadh.

Cé nach bhfuil sé léirithe i bhfigiúirí foirmiúla tithíochta, tá rannchuidiú tábhachtach déanta ag lóistín do mhic léinn maidir le riachtanais tithíochta phobal mac léinn na Cathrach, agus beidh ról lárnach ag an seachadadh leanúnach sin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta i gcoitinne.




Fíor 4: Seachadadh Tithíochta i Limistéar Cathrach Phort Láirge 2023 – 2025 (Foinse: Cur i bhFeidhm NPF Riachtanais Fáis Tithíochta, Staitisticí Tithíochta na POS)

Leagann an NPF ceanglas síos, is é sin, an ráta fáis uaillmhianach do Chathair Phort Láirge faoi 2040 a éascú, agus gur cheart do leath den bhfás sin ar a laghad tarlú i limistéar tógtha reatha Chathair Phort Láirge agus a bruachbhailte. Tá roinnt suíomh straitéiseach tábhachtacha sainaitheanta cheana féin sa Limistéar Cathrach trí phróisis Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach agus Chontae Phort Láirge agus Chomhairle Contae Chill Chainnigh araon.

Áirítear leis na suímh seo forbairt leanúnach ar shuíomh na gCéanna Thuaidh, tailte suntasacha cónaithe i gceantar Port an Chalaigh – Belmont a bhfreastalóidh an Bóthar Nasctha Nua ó Bhóthar na Mainistreach go Belmont orthu, athghiniúint shean-shuíomh Teach Naomh Seosamh, Cnoc an Mhainéir, áit a bhfuil 71 aonad cónaithe beagnach críochnaithe; Ceadaíodh ceannach shean-shuíomh Waterford Stanley, Carraig na bhFraochán faoi Ghlao 3 de chuid an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (URDF); Máistirphlean comhaontaithe idir GFT agus FSS d'athghiniúint tailte an iar-Ospidéal Naomh Odhráin; Tailte ag sean-shuíomh Brook's, Bóthar Newtown; iar-thailte Poser Seeds, Bóthar Dhún Mhór; agus sean-shuíomh Ard Rí, Bóthar an Dhug, Port an Chalaigh.

## Ceisteanna foai Pobail Inbhuanaithe a Chruthú

- Cad iad na bearta is féidir a ghlacadh chun a chinntiú gur féidir le Cathair Phort Láirge/na bruachbhailte agus an Limistéar Cathrach níos leithne fás chun bheith ina gcathair chomhlárnach chothrom ar dhá thaobh na Siúire ar bhealach inbhuanaithe, dlúth?
- Cad iad na tosca ba cheart a chur san áireamh agus an straitéis phleanála fhoriomlán do MASP Phort Láirge á leagan amach chun an fás daonra sin a bhaint amach?
- Conas is féidir le MASP Phort Láirge tacú le hathghiniúint bhreise athfhorbraíochta agus athbheochan ceantar fo-uirbeach laistigh den Limistéar Cathrach?

## Iompar

Tá codarsnacht shuntasach idir leibhéil an taistil ghníomhaigh agus úsáid gluaisteán laistigh den chroílár uirbeach agus an Limistéar Cathrach níos leithne. Léiríonn sé seo an tábhacht a bhaineann le soláthar tithíochta sa chroílár uirbeach agus lena chinntiú go bhfuil forbairt nua in áiteanna eile bunaithe ar phrionsabal an dhlúthfháis.

Áirítear le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Phort Láirge (WMATS) sraith chuimsitheach tionscadal agus idirghabhálacha atá dírithe ar athrú mór modúil a sheachadadh, lena n-áirítear droichead iompair inbhuanaithe nua agus malartán iompair nua atá ar bun cheana féin. Tá WMATS ag iarraidh méadú suntasach ar rothaíocht trí líonra bealaí rothaíochta agus bealaí glasa agus leagann sé amach bunús BusConnects Waterford, a mbeidh ról lárnach aige i bhfeabhsú soláthar iompair phoiblí sa Cathair.

**Ceisteanna Maidir le hIompair**

- Conas is féidir iompar agus úsáid talún a chur ar aon dul lena chéile ar shlí níos fearr chun fás daonra inbhuanaithe a bhaint amach i bPort Láirge?
- Conas is féidir cur le háisiúlacht líonraí bus agus rothar Phort Láirge don úsáideoir , iad a dhéanamh níos taitneamhaí, agus iad a oiriúnú ar shlí níos fearr do riachtanais na ndaoine a chónaíonn, a oibríonn, a dhéanann staidéar agus a thugann cuairt ar an gcathair?
- Cén bonneagar iompair ríthábhachtach ba chóir a sheachadadh, dar leat, i gcaitheamh na tréimhse 10 go 20 bliain atá romhainn chun go mbeidh Port Láirge ina cathair scála, mar shampla droichid bhreise trasna na haibhne?




Fíor 5: Feabhsuithe Iompair atá Beartaithe, Cathair Phort Láirge (Creidmheas: Waterford MATS)

## Geilleagar agus Fostaíocht

Is spreagthóir réigiúnach é Limistéar Cathrach Phort Láirge d'fhorbairt eacnamaíoch ar fud Réigiún an Deiscirt ina iomláine agus don oirdheisceart. Baineann an chathair leas as daonra atá ag fás agus as comhoibriú láidir idir an lucht acadúil agus an tionscal trí Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus as saintacaíocht d'fhorbairt réigiúnach trí thionscail cheannródaíocha.

Tá bonn fostaíochta baile Phort Láirge ag fás agus bhain sé amach an tríú ráta fáis is airde in Éirinn (5.7%) i gcás cuideachtaí bhí ag fáil tacaíochta ó Fhiontraíocht Éireann in 2025. Tá infheistíochtaí ilnáisiúnta trí Infheistíocht Dhíreach Choigríche ann i bPort Láirge chomh maith.

Áirítear leis na príomhearnálacha tionscail i bPort Láirge:

- **Eolaíochtaí Beatha (Cógaisíocht & Feistí Leighis)** agus tá láithreacht mhór ilnáisiúnta sa Limistéar Cathrach.
- **TFC agus an Geilleagar Digiteach:** braisle bhríomhar atá bunaithe ar ionaid taighde ar nós Institiúid Walton ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU).
- **Déantúsaíocht & Innealtóireacht Ardleibhéil:** I measc na bpríomhghníomhaíochtaí tá innealtóireacht ardteicneolaíochta agus Waterford Crystal a bhfuil clú ar fud an domhain air.
- **Seirbhísí Gnó Airgeadais & Idirnáisiúnta:** Earnáil atá ag fás go mear lena n-áirítear baincéireacht, árachas, teicneolaíocht airgeadais, agus seirbhísí comhroinnte do ghnólachtaí domhanda.
- **Turasóireacht agus Fáilteachas:** Is sócmhainní cosúil le Glasbhealach Phort Láirge, Triantán na Lochlannach, agus tarraingteacht na mbailte cósta cosúil le Trá Mhór agus Dún Garbhán a spreagann an turasóireacht.
- **Agraibhia:** Leanann an earnáil seo de bheith ag tacú leis na mílte post, lena n-áirítear monarcha cáise Glanbia i Belview.



Fíor 6: Calafort Belview




Fíor 7: Winterville

Taifeadadh 23,244 post i gCathair Phort Láirge agus sna Bruachbhailte in 2022, arb ionann é agus méadú 14% ó 2016, an líon is airde in aon chathair sa stát. Tá an ráta dífhostaíochta de 11.7% (Daonáireamh 2022) níos airde ná i gcathracha eile ach is laghdú suntasach é ón 18.8% a bhí ann in 2016. Is cosúil go bhfuil dúshláin eacnamaíocha níos suntasaí roimh Phort Láirge ná cathracha eile agus cóimheas Postanna agus Oibrithe cónaitheacha níos ísle ná na cathracha eile. Mar sin féin, léiríonn sonraí go bhfuil Port Láirge in áit mhaith chun leas a bhaint as méadú leanúnach ar fhostaíocht agus ar phoist nua.

Is í Cathair Phort Láirge an cúigiú cathair is mó sa stát agus is í an príomhionad í d'fhorbairt mhiondíola reatha agus amach anseo san Oirdheisceart, lena n-áirítear earraí comparáide d'ord níos airde.

- **Ceisteanna Faoi Eacnamaíocht agus Fostaíocht**

- Cad iad na láidreachtaí agus/nó na dúshláin/rioscaí atá roimh Phort Láirge i dtaobh fostaíochta agus seachadta eacnamaíoch?
- Conas is féidir le Port Láirge a ról mar spreagthóir eacnamaíoch réigiúnach, athléimneach, dinimiciúil don Oirdheiscearta neartú?
- Conas is féidir le Port Láirge leas a bhaint as tionscnaimh agus réimsí fáis an gheilleagair ghlais?
- Cad iad na feabhsuithe ar an mbonneagar atá riachtanach chun leathnú leanúnach agus éagsúlacht an bhonn fostaíochta i bPort Láirge a éascú?
- Conas is féidir leis an RSES tuilleadh infheistíochta a spreagadh sa bhonn fostaíochta baile agus ilnáisiúnta i bPort Láirge?
- Cad iad na feabhsuithe a dhéanfá ar an soláthar miondíola i bPort Láirge agus ar shuíomh an fhorbairt mhiondíola?
- Conas is féidir an geilleagar oíche a fhorbairt agus a fheabhsú?

## An Timpeallacht

Beidh sé mar aidhm ag MASP Phort Láirge forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus forbairt shóisialta a chomhtháthú le cosaint agus feabhsú an chomhshaoil nádúrtha agus ag an am céanna ár n-aistriú chuig sochaí atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chinntiú. Is féidir é seo a bhaint amach trí thionscnaimh ar nós:

- Cruthú Áiteanna - Tionscnaimh Réimse Poiblí.
- Leanúint de spásanna glasa agus gorma ardchaighdeáin a chur ar fáil de réir a chéile chun cáilíocht na beatha, an bhithéagsúlacht agus an nádúr áitiúil a fheabhsú, chomh maith le buntáistí a bhaint amach do shláinte agus folláine na ndaoine.
- Beidh gá machnamh cúramach a dhéanamh ar an mbonneagar gorm/glas ar fud limistéar MASP Phort Láirge agus ar an gcaoi is fearr is féidir na sócmhainní sin a sheachadadh chun an úsáid is mó is féidir a bhaint astu.
- Bearta a lorg chun astaíochtaí carbóin a laghdú i gcomhréir le spriocanna Phlean Gníomhaíochta Aeráide an rialtais.

### Ceisteanna Maidir Leis an Timpeallacht

- Conas is féidir linn riachtanais áineasa gníomhacha agus éighníomhacha na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí a phleanáil ó thaobh spásanna glasa agus gorma de, m.sh. páirceanna, páirceanna imeartha, clóis súgartha agus a chinntiú go bhfuil rochtain mhaith orthu agus go bhfuil siad gar don bhaile?
- Cad iad na limistéir is gá a chosaint nó a fheabhsú ó thaobh stádais de maidir le bithéagsúlacht agus an timpeallacht nádúrtha agus limistéir eile a bhfuil leas áitiúil iontu a bhféadfadh gá a bheith acu le feabhsú nó le cosaint?
- Conas is féidir linn líonra spásanna glasa agus gorma a nascadh nó a sholáthar (bealaí glasa agus gorma le haghaidh siúlóidí agus rothaíochta etc.)?



Fíor 8: Páirc na Síochána

## Bonneagar Sóisialta agus Cultúrtha

Tacóidh MASP Phort Láirge le soláthar bonneagair shóisialta amhail oideachas, sláinte agus áiseanna pobail, chun a chinntiú go bhféadfar deiseanna forbartha sóisialta agus cultúrtha chomh maith le hathghiniúint fhisiciúil a bhaint amach. Go dtí seo, tá tacaíocht tugtha ag MASP Phort Láirge do na tionscnaimh seo a leanas:

- Tar éis iarratas a dhéanamh in 2023, ainmníodh Port Láirge mar Chathair Foghlama EOECNA in 2024. Leanfaidh an MASP de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Phort Láirge mar Chathair Foghlama agus lorgóidh sé infheistíocht i dtionscnaimh a thacaíonn le Tionscnamh Chathair Foghlama Phort Láirge.
- Tacú le ról Phort Láirge mar Chathair Shláintiúil de chuid na hEDS.
- Infheistíocht a lorg i mbonneagar seirbhísí sláinte chun freastal ar riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo an phobail, lena n-áirítear scála agus raon na n-áiseanna in Ospidéal Ollscoile Phort Láirge.
- Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí cliste.
- Infheistíocht leanúnach a lorg i dtionscnaimh a bhaineann athghiniúint fhisiciúil, eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil amach i gceantair faoi mhíbhuntáiste sa chathair agus an limistéar cathrach san áireamh.

**Ceisteanna Sóisialta agus Cultúrtha**

- Cén bonneagar sóisialta agus pobail (lena n-áirítear an t-sláinte) atá riachtanach chun freastal ar riachtanais phobail an Limistéar Cathrach amach anseo chomh maith le háiseanna níos mó a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun freastal ar an Oirdheisceart níos leithne?
- Conas is féidir linn a chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais shóisialta agus phobail gach baill den phobal agus nach mothaíonn daoine faoi mar nach cuid den phobal iad?




Fíor 9: Theatre Royal

# Aighneacht a Dhéanamh

Tá Tionól Réigiúnach an Deiscirt ag súil go mór le tuairimí a fháil ar aon cheist phleanála straitéisí atá roimh an gcathair agus a limistéar cathrach níos leithne mar bhonn eolais do MASP nua Phort Láirge. Chuirfimis fáilte roimh do thuairimí ar an athbhreithniú níos leithne, an RSES féin, chomh maith.

Cuirimid fáilte roimh do thuairimí ar aon cheann de na ceisteanna nó ar na ceisteanna uile atá leagtha amach againn sa Pháipéar Saincheisteanna seo, chomh maith le tuairimí, smaointe nó moltaí ginearálta faoi nithe nach bhfuil pléite go hiomlán sa pháipéar seo dar leat.

**Osclófar an comhairliúchán seo ar an nDéardaoin an 26 Márta 2026 agus críochnóidh sé ag 5 i.n. Dé hAoine an 22Bealtaine 2026.**

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh tríd an tairseach comhairliúcháin ar líne thiomnaithe Thionól Réigiúnach an Deiscirt atá ar fáil ag: **consult.southernassembly.ie**, trí ríomhphost chuig **rses@southernassembly.ie**, nó tríd an bpost chuig Aighneachtaí RSES, Aonad Pleanála Réigiúnaí, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, Teach an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge X91 F8PC.



Fíor 10: Múrmhaisiú Sráide, Cathair Phort Láirge

Tá an leathanach seo fágtha bán d’aon ghnó

Tá an leathanach seo fágtha bán d’aon ghnó

Tionól Réigiúnach an Deiscirt

Southern Regional Assembly


**Tionól Réigiúnach an Deiscirt**

Teach an Tionóil,
Sráid Uí Chonaill,
Port Láirge
X91 F8PC

+353 (01) 51 860700

info@southernassembly.ie

www.southernassembly.ie

consult.southernassembly.ie